



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13280/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0329(NLE)**

ENV 1024
COMER 101
MI 772
ONU 62
CONSOM 326
SAN 532

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	22 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 542 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gcúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh chun larscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 542 final.

Faoi iamh: COM(2023) 542 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2023
COM(2023) 542 final

2023/0329 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gcúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh, thar ceann an Aontais, ag an gcúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ('an Comhaontú')¹ maidir le Cinntí lena leasaítear Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin atá beartaithe a ghlacadh. Leis na hianscríbhinní seo, bunaítear liostaí de táirgí ar cuireadh mearcair leo agus próisis lena n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair ('próisis mhearcair'), atá faoi réir dátaí céimnithe amach nó faoi réir forálacha lena rialaítear úsáid mearcair².

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ('an Comhaontú')

Is é an Comhaontú an príomhchreat dlíthiúil idirnáisiúnta arb é is aidhm dó sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar astaíochtaí antropaigineacha agus scaoileadh mearcair agus comhdhúl mearcair isteach san aer, san uisce agus sa talamh. Tugtar aghaidh ann ar shaolré iomlán an mhearcair, ó mhianadóireacht phríomhúil mearcair go diúscairt dramhaíola mearcair.

Tháinig sé i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2017.

Tá an tAontas Eorpach ('an tAontas') ina pháirtí sa Chomhaontú³, mar aon le formhór na mBallstát.

Faoi gComhaontú, tá táirgí ar cuireadh mearcair leo faoi réir an dá chineál éagsúla srianta seo a leanas ag brath ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear iad le Cuid I nó II d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú⁴:

- Ní féidir na táirgí ar cuireadh mearcair leo a liostaítear i gCuid I (e.g. dlúthlampaí fluaraiseacha áirithe) a mhonarú, a allmhairiú agus a onnmhairiú a thuilleadh tar éis na ndátaí céimnithe amach a shonraítear inti, i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 1.
- Tá na táirgí ar cuireadh mearcair leo a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn A faoi réir na gcoinníollacha agus na srianta sonracha maidir le húsáid mearcair a bhunaítear inti. De bhua Airteagal 4, mír 3, déanfaidh na Páirtithe⁵ na bearta is gá chun na coinníollacha agus na srianta sin a chomhlíonadh. Go dtí seo, ní liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn A ach malgam fiacloireachta.

Ar an gcaoi chéanna, faoi gComhaontú, bíonn próisis mhearcair faoi réir dhá chineál éagsúla srianta ag brath ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear iad le Cuid I nó II d'Iarscríbhinn B:

- Na próisis mhearcair a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn B (e.g. táirgeadh clór-alcaile), ní mór deireadh a chur le húsáid a bhaint as mearcair nó comhdhúile

¹ Téacs Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ar fáil ag:

<https://mercuryconvention.org/sites/default/files/2021-06/Minamata-Convention-booklet-rus-full.pdf>

² Chun críoch an doiciméid seo, an nath 'úsáid mearcair a rialú', cumhdaíonn sé ceanglais chineálacha mar shampla iad siúd a bhunaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn A agus d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair.

³ Cinneadh ón gComhairle (AE) 2017/939 an 11 Bealtaine 2017 maidir le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a thabhairt i gcrích (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4).

⁴ Tagairtí d'airteagail agus d'iarscríbhinní sa doiciméad seo is tagairtí iad d'airteagail sa Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair agus d'iarscríbhinní a ghabhann leis, mura sonraítear a mhalairt.

⁵ Chun críoch an doiciméid seo, ciallaíonn 'Páirtithe' Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Mearcair.

mearcair faoi na dátaí céimnithe amach a leagtar amach ann, i gcomhréir le hAirteagal 5, mír 2.

- Tá na próisis mhearcair a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn B faoi réir na gceanglas maidir le húsáid mearcair (e.g. gan úsáid a bhaint as mearcair ó mhianadóireacht phríomha mearcair) a bhunaítear inti. I gcomhréir le hAirteagal 5, mír 3, déanfaidh na Páirtithe bearta chun na coinníollacha agus na ceanglais sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear maidir le tiontú go próisis saor ó mhearcair nuair a thiocfaidh Comhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú ('COP') ar chonclúid maidir le roghanna malartacha atá indéanta go heacnamaíoch agus go teicniúil a bheith ar fáil.

De bhun Airteagal 4, mír 8, agus Airteagal 5, mír 10, b'éigean athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinní A agus B faoin 16 Lúnasa 2022. Agus an méid sin á dhéanamh aige, cuirtear san áireamh le linn COP (i) tograí leasaithe na bPáirtithe arna ndéanamh faoi Airteagal 4, mír 7, agus Airteagal 5, mír 9, (ii) an fhaisnéis arna tarchur ag na Páirtithe maidir le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus maidir le próisis agus a roghanna malartacha de bhua Airteagal 4, mír 4, agus Airteagal 5, mír 4, agus (iii) infhaighteacht roghanna malartacha saor ó mhearcair atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, agus na rioscaí agus na tairbhí don chomhshaol agus do shláinte an duine á gcur san áireamh ag an am céanna.

2.2. Comhdháil na bPáirtithe ('COP')

Déanann COP na feidhmeanna a shanntar dó leis an gComhaontú. Chuige sin, déanfaidh sé *inter alia* aon bheart a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a mheas agus a ghabháil air féin chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

De réir Airteagal 28 den Chomhaontú agus de réir Chinneadh MC-1/1 maidir le Rialacha Nós Imeachta⁶ a ghlac COP ag an gcéad chruinniú a bhí aige (24-29 Meán Fómhair 2017)⁷, is aon vóta amháin atá ag gach Páirtí. Mar sin féin, an tAontas, mar eagraíocht réigiúnach um lánpháirtíú eacnamaíoch, déanann sé a cheart vótála a fheidhmiú maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht, agus líon vótaí aige atá cothrom le líon a chuid Ballstát atá ina bpáirtithe sa Chomhaontú. Ní dhéanfaidh an tAontas a cheart vótála a fheidhmiú má fheidhmíonn aon cheann dá chuid Ballstát a cheart vótála, agus *vice versa*.

2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag Comhdháil na bPáirtithe

Chun próiseas a sheoladh maidir le hathbhreithniú ar Iarscríbhinní A agus B, ghlac COP, le linn an tríú cruinniú a bhí aige (25-29 Samhain 2019), Cinneadh MC-3/1⁸ lena mbunaítear grúpa saineolaithe *ad hoc* chun dul ar aghaidh leis an bplé ar tháirgí maidir le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus ar phróisis mhearcair le linn na tréimhse idirsheisiúnaí as ar tháinig a ceathrú cruinniú ('COP4'). Le sainordú an ghrúpa sin iarradh, go háirithe, go gcuirfí feabhas agus eagar ar an bhfaisnéis arna tiolacadh ag na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 4, míreanna 4 agus 7, agus Airteagal 5, míreanna 4 agus 9. Ar bhonn thoradh na hoibre

⁶ Cinneadh arna ghlacadh ag an gcéad Chomhdháil de na Páirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair - MC-1/1: Rialacha nós imeachta, 22 Samhain 2017, <https://mercuryconvention.org/sites/default/files/documents/decision/UNEP-MC-COP1-Dec1-RulesProcedure.EN.pdf>

⁷ An chéad chruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair (COP-2), an Ghinéiv, an Eilvéis, 24 – 29 Meán Fómhair 2017, <https://mercuryconvention.org/en/meetings/cop1>

⁸ Cinneadh arna ghlacadh ag an tríú Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair - MC-3/1 *Review of annexes A and B*, [Athbhreithniú ar iarscríbhinní A agus B,] UNEP/MC/COP3/Dec. 1, atá ar fáil ag: <http://www.mercuryconvention.org/Meetings/COP3/Decisions/tabid/8654/language/en-US/Default.aspx>

saineolaithe sin agus ar bhonn na n-aighneachtaí a rinne na Páirtithe⁹, lena n-áirítear na haighneachtaí ón Aontas Eorpach¹⁰ roimh COP4 (21-25 Márta 2022), ghlac COP Cinneadh MC-4/3¹¹.

Mír 5 de Chinneadh MC-4/3

Chomhaontaigh na Páirtithe ceithre tháirge breise ar cuireadh mearcair leo a chur le Cuid I d'Iarscríbhinn A (féach an colún ar chlé sa tábla thíos). Mar sin féin, ós rud é nach raibh siad in ann teacht ar chomhthoil ag COP4 maidir le dátaí gaolmhara céimnithe amach, chinn na Páirtithe, mar a léirítear i mír 5 de Chinneadh MC-4/3, an plé ar dhátaí den sórt sin a chur siar go dtí an cúigiú cruinniú de COP ('COP5') ar bhonn dátaí idir lúibíní atá beartaithe (féach an colún ar dheis sa tábla thíos).

<i>Táirgí ar cuireadh mearcair leo</i>	<i>An dáta ar ina dhiaidh nach gceadófar an táirge a mhonarú, a allmhairiú ná a onnmhairiú (dáta céimnithe amach)</i>
Ceallraí ocsaíde airgid since de chineál cnaipe ina bhfuil cion mearcair < 2 %, agus ceallraí aeir since de chineál cnaipe ina bhfuil cion mearcair < 2 %	[2025] [2029]
Droichid tomhais toillis agus caillteanais, ar droichid an-ardbheachtais iad, agus lasca agus athsheachadáin radaimhinicíochta, ar lasca agus athsheachadáin ardmhinicíochta iad, in uirlisí monatóireachta agus rialaithe nach mó an cion mearcair iontu ná 20 mg in aghaidh an droichid, na laisce nó an athsheachadáin [seachas na cinn a úsáidtear chun críocha taighde agus forbartha]	[2025]
Lampaí fluaraiseacha líneacha (LFLanna) chun críocha soilsiú ginearálta: (a) Fosfar Halafosfáite ≤ 40 vata ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 10 mg in aghaidh an lampa (b) Fosfar haileafosfáite ≥ 40 vata	[2025] [2027] [2030]
Lampaí fluaraiseacha líneacha (LFLanna) chun críocha soilsiú ginearálta: (a) Fosfar trí bhanda < 60 vata ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 5 mg in aghaidh an lampa	[2027] [2030]

⁹ Tograí ó Réigiún na hAfraice, ó Ceanada agus ón Iorua chun Cuid I agus Cuid II d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a leasú, ar tograí iad atá ar fáil ag: <https://mercuryconvention.org/en/meetings/cop4#cop-documents>

¹⁰ UNEP/MC/COP.4/26/Add1 Togra ón Aontas Eorpach chun Cuid I agus Cuid II d'Iarscríbhinn A agus Cuid I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a leasú, ar togra é atá ar fáil ag: <https://mercuryconvention.org/en/documents/proposal-european-union-amend-part-i-annex-part-ii-annex-and-part-i-annex-b-minamata>

¹¹ Cinneadh arna ghlacadh ag an gceathrú Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair - MC-4/3 *Review and amendments of annexes A and B*, [Athbheithniú agus leasuithe ar iarscríbhinní A agus B.] UNEP/MC/COP4/Dec. 3, atá ar fáil ag: https://mercuryconvention.org/sites/default/files/documents/decision/4_Dec3_Amendment.English.pdf

Mír 6 de Chinneadh MC-4/3

Maidir le próisis mhearcair, chinn na Páirtithe freisin go ndéanfar breithniú ag COP5 ar tháirgeadh polúireatáin ina n-úsáidtear catalaigh a bhfuil mearcair iontu a chur le Cuid I d'Iarscríbhinn B, mar phróiseas nach mór deireadh a chur leis ar dháta sonraithe céimnithe amach.

I dteannta mhíreanna thuasluaite 5 agus 6 de Chinneadh MC-4/3, le linn caibidlíocht agus forbairt a dhéanamh ar na gníomhartha atá beartaithe, beidh ar na Páirtithe breithniú a dhéanamh ag COP5 ar an aighneacht a rinne Réigiún na hAfraice roimh an gcuinniú sin, i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 7¹². San aighneacht sin moltar anseo thíos leasuithe breise ar Chodanna I agus II d'Iarscríbhinn A.

2.4. Aighneacht ó Réigiún na hAfraice

Leasuithe molta ar Chuid I d'Iarscríbhinn A

Molann Réigiún na hAfraice go gcuirtear le Cuid I d'Iarscríbhinn A na sé chatagóir táirgí seo a leanas maille le dátaí céimnithe amach gaolmhara.

<i>Táirgí ar cuireadh mearcair leo</i>	<i>An dáta ar ina dhiaidh nach gceadófar an táirge a mhonarú, a allmhairiú ná a onnmhairsiú (dáta céimnithe amach)</i>
Táirgí cosmaideacha, lena n-áirítear gallúnaigh agus uachtair éadroimithe craicinn, agus gan táirgí cosmaideacha súl san áireamh, is ea táirgí cosmaideacha ina n-úsáidtear mearcair mar leasaitheach nuair nach bhfuil aon leasaitheach ionadach atá éifeachtach agus sábháilte ar fáil	2025
Malgam fiaclóireachta	2030
Dlúthlampaí fluaraiseacha (DLFanna) chun críocha soilsiú ginearálta agus atá > 30 vata	2025
Dlúthlampaí fluaraiseacha gan ballasta comhtháite (CFL.ni) chun críocha soilsiú ginearálta atá ≤ 30 vata agus ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 5 mg in aghaidh an dóire lampa	2025
Lampaí fluaraiseacha líneacha (LFLanna) chun críocha soilsiú ginearálta: (b) Fosfar trí bhanda ≥ 60 vata	2026
Lampaí fluaraiseacha neamhlíneacha (e.g. U-lúb agus ciorclach) chun críoch soilsiú ghinearálta: (a) Fosfar trí bhanda, gach vatacht (b) Fosfar haileafosfáite, gach vatacht	2026

Leasuithe molta ar Chuid II d'Iarscríbhinn A

Ina theannta sin, molann Réigiún na hAfraice go gcuirfí le Cuid II d'Iarscríbhinn A (i) catagóir nua de tháirgí ar cuireadh mearcair leo, i.e. táirgí cosmaideacha maille le srianta trádála agus (ii) ceanglais bhreise a bhaineann le malgam fiaclóireachta.

¹² Togra ó Réigiún na hAfraice chun leasú a dhéanamh ar Chodanna I agus II d'Iarscríbhinn A, ar togra é atá ar fáil ag: <https://mercuryconvention.org/en/meetings/cop5>

<i>Táirgí ar cuireadh mearcair leo</i>	<i>Forálacha</i>
Táirgí cosmaideacha, lena n-áirítear gallúnaigh agus uachtair éadroimthe craicinn, agus gan táirgí cosmaideacha súl san áireamh, is ea táirgí cosmaideacha ina n-úsáidtear mearcair mar leasaitheach nuair nach bhfuil aon leasaitheach ionadach atá éifeachtach agus sábháilte ar fáil	Ar na bearta atá le glacadh ag Páirtí chun céimniú amach, ó mhargai áitiúla agus ardáin ar líne araon, a dhéanamh ar dhíol táirgí ar cuireadh mearcair leo agus ar thairiscintí chun táirgí den sórt sin a dhíol, áireofar na nithe seo a leanas: - Cuspóirí náisiúnta a shocrú chun céimniú amach a dhéanamh ar dhíol táirgí cosmaideacha agus ar thairiscint chun táirgí cosmaideacha a dhíol lena n-áirítear dhá cheann nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin: - Straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun gníomhaíochtaí margaíochta, fógraíochta agus taispeána a dhíspreagadh - Forbairt agus fógraíocht a dhéanamh ar liostaí comhairleacha, coinneála agus substaintí toirmiscthe de tháirgí cosmaideacha ar cuireadh mearcair leo - Formheasanna ceadúnaithe agus formheasanna comhábhar táirgí i gcomhair saoráidí monaraithe le haghaidh táirgí cosmaideacha agus scéimhe - Ardáin ar líne a chur i mbun gealltanais maidir le sábháilteacht táirgí a fhorbairt agus a chur chun feidhme - Dul i mbun comhordú agus comhar maidir le tionscnaimh céimnithe amach ar bhonn idir-aireachta, go déthaobhach agus/nó go réigiúnach. - Feasacht an phobail a ardú maidir leis na guaiseacha a bhaineann leis an úsáid a bhaineann liachleachtóirí, deirmeolaithe agus ionaid scéimhe as Táirgí Éadroimthe Craicinn, chomh maith le tomhaltóirí agus baill teaghlaigh
Malgam fiaclóireachta	Ar na forálacha breise maidir le malgam fiaclóireachta áireofar na nithe seo a leanas: - Plean náisiúnta a chur faoi bhráid na Rúnaíochta maidir leis na bearta a bheartaíonn na Páirtithe a chur chun feidhme chun an úsáid a bhaintear as malgam fiaclóireachta a chéimniú amach - Úsáid an mhalgaim fiaclóireachta i bpolasaithe árachais rialtais agus i gcláir rialtais a eisiamh nó a dhícheadú trí bhearta a dhéanamh de réir mar is iomchuí

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is cuspóir don Aontas deireadh a chur de réir a chéile le húsáid mhearcair ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, a luaithe agus is féidir, i gcás ina bhfuil roghanna malartacha inmharthana ann¹³. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, is gá, go háirithe,

¹³ Féach [Conclúidí ón gComhairle in ‘Review of the Community Strategy concerning Mercury’](#) [‘Athbhreithniú ar Straitéis an Chomhphobail maidir le Mearcair’], an 14 Márta 2011

deireadh a chur de réir a chéile le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus próisis mearcair a thiontú go próisis neamh-mhearcair, nuair a bhíonn fáil ar phróisis mhalartacha atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar próisis iad a rachaidh chun tairbhe do shláinte an duine agus don chomhshaol.

Dá ndéanfaí dul chun cinn ar an leibhéal domhanda i dtreo an chuspóra sin, rannchuideodh sé leis an Uaillmhian maidir le Truailliú Nialasach a bhaint amach le haghaidh timpeallacht a bheidh saor ó thocsain faoi mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip¹⁴. Chuideodh sé freisin le cur chun feidhme Straitéis Ceimiceán an Aontais don Inbhuanaitheacht 2020¹⁵, ina bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún Eorpach ról ceannasach a choinneáil ar bun ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le bainistiú fóna ceimiceán.

Leasú ar Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú lena leagtar síos an liosta de tháirgí ar cuireadh mearcair leo atá faoi réir toirmeasc monaraithe, allmhairithe agus onnmhairithe nó faoi réir ceanglas maidir le húsáid mearcair.

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, tá sé bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:

- Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/852 maidir le Mearcair ('an Rialachán maidir le Mearcair')¹⁶, lenar trasúidh Iarscríbhinn A (Cuid I) a ghabhann leis an gComhaontú, tá raon feidhme níos leithne aige ná an Comhaontú, ós rud é go gcumhdaítear leis níos mó táirgí ar cuireadh mearcair leo (e.g. ceallraí cnapchille).
- Le haighneacht an Choimisiúin (Márta 2020), arna traschur i gcomhréir le Cinneadh MC-3/1¹⁷, sainathnódh líon áirithe táirgí eile ar cuireadh mearcair leo, a bhfuil roghanna malartacha ar fáil lena n-aghaidh atá saor ó mhearcair, atá indéanta agus ar féidir tairbhe a bhaint astu, lena n-áirítear táirgí a bhfuil toirmeasc orthu cheana féin faoina bheith á gcur ar an margadh inmheánach agus faoina bheith á n-allmhairiú^{18/19}, e.g. i gcomhréir le Treoir 2011/65/AE ('RoHS')²⁰ agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('REACH')²¹, ach nach bhfuil faoi réir toirmisc fós maidir le monarú agus allmhairiú.

¹⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11.12.2019, *An Comhaontú Glas don Eoraip*, COM(2019) 640 final.

¹⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsaine' (COM(2020) 667 final, an 14.10.2020).

¹⁶ Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1).

¹⁷ Aighneacht ón Aontas Eorpach maidir le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus próisis mhonaraithe ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair (Márta 2020), ar fáil ag: http://www.mercuryconvention.org/Portals/11/documents/meetings/COP4/submissions/EU_AnnexAB.pdf

¹⁸ Áirítear leis an gcoincheap 'cur ar an margadh inmheánach' 'allmhairiú' faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh lena rialaítear táirgí ar cuireadh mearcair leo a chur ar an margadh.

¹⁹ Tá liosta iomlán de dhlí ábhartha an Aontais ar fáil sa Mheasúnú Tionchair ar an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal 'Ratification and Implementation by the EU of the Minamata Convention on Mercury accompanying the document Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on mercury, and repealing Regulation (EC) No 1102/2008' [An tAontas Eorpach do dhaingniú agus do chur chun feidhme Choinbhinsiún Mimamota maidir le Mearcair a ghabhann leis an doiciméad ina bhfuil an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008] (SWD/2016/017 final, an 2.2.2016).

²⁰ Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 174, 1.7.2011, lch. 88).

²¹ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93

- Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 (C(2023)4683 final)²² lenar trasúidh Cinneadh MC-4/3 i gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán maidir le Mearcair.

Maidir leis na táirgí ar cuireadh mearcair leo, ar táirgí iad atá sa mholadh ó Réigiún na hAfraice maidir le leasuithe ar Chuid I d'Iarscríbhinn A, tá siad comhsheasmhach le *acquis* an Aontais, e.g. diúltaíodh do na hiarrataí ar athnuachan na ndíolúintí maidir le lampaí ina bhfuil mearcair, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha; nó baineann siad le céimniú amach na dtáirgí ar cuireadh mearcair leo, ar táirgí iad atá faoi réir forbairtí leanúnacha reachtacha arb é is aidhm dóibh toirmeasc den chineál céanna a shocrú ar leibhéal an Aontais.

Maidir le codanna eile den mholadh ó Réigiún na hAfraice a bhaineann le leasuithe ar Chuid II d'Iarscríbhinn A, tá forálacha áirithe iontu comhsheasmhach le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear:

- Pleananna náisiúnta maidir leis na bearta a bheartaíonn na Páirtithe a chur chun feidhme maidir le céimniú amach na húsáide a bhaintear as malgam fiacloireachta (an Rialachán maidir le Mearcair, Airteagal 10(3))
- Cuspóirí náisiúnta a shocrú chun céimniú amach a dhéanamh ar dhíol táirgí cosmaideacha agus ar thairiscint chun táirgí cosmaideacha a dhíol lena n-áirítear dhá cheann nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin:
 - Straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun gníomhaíochtaí margaíochta, fógraíochta agus taispeána a dhíspreagadh
 - Ardáin ar líne a chur i mbun gealltanais maidir le sábháilteacht táirgí a fhorbairt agus a chur chun feidhme

Mar sin féin, tá forálacha eile iontu nach gcuimhdaítear le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear:

- Úsáid an mhalgaim fiacloireachta i bpolasaithe árachais rialtais agus i gcláir rialtais a eisiamh nó a dhícheadú trí bhearta a dhéanamh de réir mar is iomchuí
- Le haghaidh táirgí cosmaideacha:
- Dul i mbun comhordú agus comhar maidir le tionscnaimh céimnithe amach ar bhonn idir-aireachta, go déthaobhach agus/nó go réigiúnach
- Feasacht an phobail a ardú maidir leis na guaiseacha a bhaineann leis an úsáid a bhaineann liachleachtóirí, deirmeolaithe agus ionaid scéimhe as Táirgí Éadroimithe Craicinn, chomh maith le tomhaltóirí agus baill teaghlaigh

Níl éifeacht dhlíthiúil ag na forálacha sin maidir le *acquis* an Aontais. Mar shampla, de réir Airteagal 19(b) den Rialachán maidir le Mearcair, is inniúlacht de chuid na mBallstát é seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar. Dá bhrí sin níl siad faoi réir an Chinnidh seo ón gComhairle atá beartaithe.

ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

²² Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú (C(2023)4683 final).

Dá réir sin, cuirtear roinnt deiseanna ar fáil leis an leasú ar Iarscríbhinn A chun laghdú a dhéanamh ar fud an domhain ar an úsáid a bhaintear as mearcair agus ar an truailliú atá gaolmhar leis:

- (1) Chun an bhearna a dhúnadh idir dlí an Aontais atá ann cheana, dlí atá níos forbartha, agus an Comhaontú trí táirgí atá liostaithe cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán an Aontais maidir le Mearcair a chur le Cuid I d'Iarscríbhinn A.
- (2) Chun táirgí a chur le Cuid I d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú ach nach bhfuil faoi réir toirmisc fós ar mhonarú agus ar onnmhairiú faoi Rialachán an Aontais maidir le Mearcair ach nach gceadaítear a thuilleadh iad a chur ar mhargadh an Aontais, ina ainneoin sin, nó a bheith faoi réir forbairtí reachtacha arb é is aidhm dóibh toirmeasc den chineál céanna a leagan síos ar leibhéal an Aontais.

Dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag COP5 tacóidh sé le gníomhartha a ghlacadh arb é is aidhm dóibh raon feidhme chur i bhfeidhm Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú a leathnú chun táirgí ar cuireadh mearcair leo a chumhdach, táirgí a bhfuil toirmeasc cheana féin orthu faoina bheith á monarú agus á dtrádáil i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán an Aontais maidir le Mearcair, nó a bhfuil toirmeasc orthu cheana féin faoina bheith á gcur ar mhargadh an Aontais, nó atá faoi réir forbairtí leanúnacha reachtacha arb é is aidhm dóibh toirmeasc comhchosúil a leagan síos ar leibhéal an Aontais, agus ar táirgí iad ar féidir roghanna malartacha saor ó mhearcair a chur ina n-ionad a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad indéanta go heacnamaíoch agus go teicniúil agus go bhfuil siad tairbheach ó thaobh an chomhshaoil agus ó thaobh shláinte an duine de.

Leasú ar Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú ina leagtar síos liosta na bpróiseas mearcair atá faoi réir dáta 'céimniú amach' nó faoi réir ceanglas maidir le húsáid mearcair.

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, tá sé bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:

Le dlí an Aontais trasuódh Airteagal 5, míreanna 2 agus 3, agus Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair, go háirithe Airteagal 7, míreanna 1 agus 3, agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú, ar bhonn níos déine.

Ar an gcéad dul síos, cé go gcumhdaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú cúig phróiseas shonracha mearcair (táirgeadh clór-alcailí, aicéataildéad, monaiméir de chlóiríd vinile ('VCM'), alcólaití agus polúireatáin), tá foráil uileghabhálach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Mearcair lena dtoirmiscítear, ar dhátaí sonraithe céimnithe amach, mearcair nó comhdhúile mearcair a úsáid sna próisis mhonaraithe uile san Aontas, i.e. nuair a úsáidtear mar chatalaíoch (1 Eanáir 2018) nó mar leictreoid (1 Eanáir 2022) é. Dá bhrí sin, tá raon feidhme chur i bhfeidhm an toirmisc seo oscailte faoi dhlí an Aontais.

Ar an dara dul síos, cé go bhfuil dáta céimnithe amach maolaitheach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair i dtaca le táirgeadh alcólaití, is déine an fhoráil sin i gcomparáid le hIarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú. Cé go gcuireann an Rialachán Mearcair toirmeasc ar úsáid mearcair mar *chatalaíoch le haghaidh táirgeadh polúireatáin* ón 1 Eanáir 2018, ní leagtar síos sa Chomhaontú ach srian ar úsáid mearcair agus sonraíonn sé go bhfuil sé 'd'aidhm' ag na Páirtithe an úsáid sin a chéimniú amach faoin 16 Lúnasa 2027 (polúireatáin) nó deireadh a chur leis an úsáid sin de réir a chéile cúig bliana tar éis don COP a chinneadh go bhfuil roghanna eile saor ó mhearcair tar éis teacht chun cinn go teicniúil agus go heacnamaíoch (VCM agus alcólaití).

Le leasú ar Iarscríbhinn B tugtar deis laghdú a dhéanamh ar úsáid thionsclaíoch mhearcair. Is féidir sin a bhaint amach tríd an mbearna a dhúnadh idir dlí an Aontais, atá ann cheana agus atá níos forbartha, agus an Comhaontú trí dhátaí céimnithe amach a chur le Cuid I d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú, le haghaidh táirgeadh polúireatán a úsáideann mearcair, i gcomhsheasmhacht le *acquis* an Aontais agus trí phróisis indéanta

mhalartacha saor ó mhearcair atá ar fáil go teicniúil agus go heacnamaíoch a chur san áireamh, faoi mar a tuairiscíodh in aighneacht an Aontais i Márta 2020 faoi Chinneadh MC-3/1.

Dá bhrí sin, ba cheart gurb éard a bheadh sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag COP 5 tacú le glacadh gníomhartha arb é is aidhm dóibh dáta céimnithe amach a thabhairt isteach maidir le polúireatán a tháirgeadh ag úsáid mearcair.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. 4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar *‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Áirítear ar na *‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh *‘tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’*²³.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é COP a bunaíodh le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair.

Na gníomhartha a iarrtar ar Chomhdháil na bPáirtithe a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige, mar go mbeadh ar na Páirtithe sa Chomhaontú bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad agus go gcomhlíonfar iad.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú de thoradh na ngníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

²³ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Príomhchuspóir agus ábhar na ngníomhartha atá beartaithe, baineann sé leis an gcomhshaol agus sláinte an duine a chosaint.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús substainteach dlí an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gcúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2017/939 ón gComhairle²⁴ agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2017.
- (2) De bhun Chinneadh MC-1/1 maidir le Rialacha Nós Imeachta, arna ghlacadh ag Comhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú ('COP') ag an gcéad chruinniú a bhí aici, ba cheart do na Páirtithe sa Chomhaontú ('na Páirtithe') gach iarracht a dhéanamh teacht, de chomhthoil, ar chomhaontú maidir le gach ábhar substainteach.
- (3) De bhun Airteagail 4(8) agus 5(10) den Chomhaontú, ba cheart do COP athbhreithniú a dhéanamh, faoin 16 Lúnasa 2022, ar Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gComhaontú, agus féadfaidh sé a mharana a dhéanamh ar na leasuithe atá molta ar na hIarscríbhinní sin, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: na tograí a thíolaic na Páirtithe de bhun Airteagail 4(7) agus 5(9) den Chomhaontú, an fhaisnéis arna soláthar ag Rúnaíocht an Chomhaontaithe de bhun Airteagail 4(4) agus 5(4) den Choinbhinsiún, agus fáil a bheith ar roghanna eile saor ó mhearcair atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, agus na rioscaí agus na tairbhí gaolmhara don chomhshaol agus do shláinte an duine á gcur san áireamh.
- (4) An 30 Aibreáin 2021, thíolaic an tAontas togra do Rúnaíocht an Chomhaontaithe²⁵ chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, i gcomhréir le hAirteagal 4(7) agus 5(9) den Chomhaontú sin. Ba é ab aidhm do thogra an Aontais chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú a leasú raon feidhme an Chomhaontú a leathnú chuig táirgí breise ar cuireadh mearcair leo agus lena ngabhann dátaí céimnithe amach gaolmhara nó bearta rialaithe mearcair gaolmhara.

²⁴ Cinneadh ón gComhairle (AE) 2017/939 an 11 Bealtaine 2017 maidir le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a thabhairt i gcrích (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4).

²⁵ Cinneadh (AE) 2021/727 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tograí a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus próisis mhonaraithe ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair, a leasú (IO L 155, 5.5.2021, lch. 23).

Ba é ab aidhm do thogra an Aontais chun Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú dáta céimnithe amach a thabhairt isteach le haghaidh táirgeadh polúireatáin ina n-úsáidtear catalaíoch ina bhfuil mearcair.

- (5) Ag an dara cuid dá cheathrú cruinniú, chinn COP ina Chinneadh MC-4/3²⁶ ocht dtáirge nua ar cuireadh mearcair leo a áireamh in Iarscríbhinn A (Cuid I).
- (6) Mar sin féin, i gcás ceithre tháirge ar cuireadh mearcair leo, níor thángthas ar chomhaontú maidir le dátaí céimnithe amach. Le Cinneadh MC-4/3 cuireadh siar go dtí an cúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (an 31 Deireadh Fómhair go dtí an 3 Samhain) an cinneadh maidir leis na dátaí céimnithe amach sin.
- (7) Le Cinneadh MC-4/3, cuireadh siar go dtí an cúigiú cruinniú de COP freisin an cinneadh maidir le táirgeadh polúireatáin ina n-úsáidtear catalaigh a bhfuil mearcair iontu a chur le Cuid I d'Iarscríbhinn B.
- (8) Tá Réigiún na hAfraice tar éis togra nua a cuir isteach, i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den Chomhaontú, chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú a leasú. Baineann an togra le cosmaidí, malgam fiacloireachta, agus lampaí ina bhfuil mearcair, agus moltar téacs nua leis i gcomhair Chodanna I agus II d'Iarscríbhinn A.
- (9) Ba cheart don Aontas tacú le leasuithe ar Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gComhaontú a mhéid a bheidís comhsheasmhach le haighneacht an Aontais²⁷, le *acquis* an Aontais nó le beartas an Aontais.
- (10) A mhéid a thagraítear dóibh san aighneacht ó Réigiún na hAfraice, ba cheart don Aontas tacú le leasuithe ar Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú a mhéid a chumhdaítear leo lampaí, cosmaidí agus malgam fiacloireachta.
- (11) Ag an gcúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe, breithneoidh na Páirtithe Cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.
- (12) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, ag an gcúigiú cruinniú COP, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gCinneadh atá beartaithe, má ghlactar é, ó tharla go mbeidh ar na Páirtithe bearta a ghlacadh chun é a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, nó ar an dá leibhéal.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh a bheidh le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ag an gcúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú tacú le Cinneadh chun Iarscríbhinn A de a ghlacadh, ar Cinneadh é:

— atá comhsheasmhach le *acquis* an Aontais; nó

— atá comhsheasmhach le Cinneadh (AE) 2021/727 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021; nó

— arb é is aidhm dó tacú le céimniú amach catagóirí de lampaí ina bhfuil mearcair dár thagair Réigiún na hAfraice san aighneacht uaidh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den

²⁶ Cinneadh MC-4/3: Athbhreithniú agus leasú ar iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, an 25 Márta 2022.

²⁷ Cinneadh (AE) 2021/727 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tograí a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus próisis mhonaraithe ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair, a leasú (IO L 155, 5.5.2021, lch. 23).

Chomhaontú, agus dár diúltaíodh dá iarratais ar athnuachan ar na díolúintí ar úsáid mearcair, i gcomhréir le Treoir 2011/65/AE; nó

— arb é is aidhm dó tacú le céimniú amach na húsáide a bhaintear as malgam fiaclóireachta.

Airteagal 2

I bhfianaise forbairtí ag an gcúigiú cruinniú de COP, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, mionchoigeartú a chomhaontú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán